Chuig gach Príomhoide Iar-bhunscoile

Reáchtálfar an seimineár in Ionad Oideachas Trá Lí ar an 7 Feabhra 2012. Tosóidh sé ag 09.30am agus críochnóidh sé ag 3.30pm

I mí Iúil 2011, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, straitéis nua dar teideal, Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol – an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020. Sa straitéis seo leagtar amach raon tosaíochtaí agus spriocanna chun feabhas a chur ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta thar thréimhse 10 mbliana. Beidh ról lárnach ag foireann bhainistíochta agus mhúinteoireachta na mbunscoileanna agus an n-iar-bhunscoileanna i gcur i bhfeidhm na straitéise seo. Is féidir teacht ar chóipeanna leictreonacha den Straitéis Náisiúnta, agus de na cáipéisí gaolmhara, ar líne ag: http://www.education.ie.

Cuirfidh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) raon tacaí ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí chun cuidiú leo an Straitéis Náisiúnta a chur i bhfeidhm. Faoi láthair tá seimineáir á bpleanáil againn do cheannairí scoile, seimineáir a bhfuil mar aidhm acu:

- Forléargas a chur ar fáil de na príomhtheachtaireachtaí agus iniúchadh a dhéanamh ar impleachtaí *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* do scoileanna
- Cuidiú le ceannairí scoile acmhainní, ábhair agus tacaí cuí a aimsiú chun go mbeidh siad in ann tús a chur le pleanáil agus le cur i bhfeidhm na straitéise ag leibhéal na scoile
- Tacú le ceannairí scoile réimsí tosaíochta a roghnú a rachaidh i bhfeidhm ar fheabhsú na gcaighdeán litearthachta agus uimhearthachta.